

Colscaradh - le Pádraig Mac Suibhne.

Téama:

Baineann an dán seo le fadhbanna idir

dhaoine pósta. Sa dán seo, feicimid fear

traidisiúnta pósta le bean nua-aimseartha.

Nuair a phós an fear, shantaigh sé saol ciúin

lena theaghlach. Ach nuair a phós an bhean,

bhí mianta difriúla aici. Ba mhaith leis an

fhear clann shona agus teach breá cluthar,

ach ba mhaith leis an bhean laethanta saoire
thar lear agus meas ó dhaoine eile. Bhí
easpa tuisceana idir an bheirt, agus níor
réitigh siad le chéile. Theip ar an phósadh
agus, sa deireadh, scar siad.

Mothúcháin:

Is iad grá, brón agus díomá na
mothúcháin sa dán seo. Baineann an dán seo

le téama atá brónach ach réalaióch. Sa
chéad véarsa, feicimid pictiúr de theach
breá, cluthar. Is pictiúr traidisiúnta é seo.
Sa dara véarsa, feicimid pictiúr atá difriúil
ar fad. Ba mhaith leis an bhean bheith
neamhspleách. Ba mhaith léi a bheith
cothrom lena fear chéile. Tá codarsnacht le
feiceáil idir an dá shórt saoil. Tá díomá le
feiceáil ag deireadh an dáin. Ní féidir na

fadhbanna a réiteach, agus chuir sin brón an

domhain orm <o(

Barúl:

Is aoibhinn liom an dán seo mar tá an

mothú ó chroí ann. Shantaigh an bheirt

rudaí difriúla, agus tá easpa tuisceana sa

phósadh. Ach tá an file réasúnta agus

cothrom -

Ní thógann sé taobh ar bith. Tá ceol agus
rithim le feiceáil sa dán. Tá an sórt ceangail
ag an deireadh iontach éifeachtach. Scar
siad. Tharla sé go tobann don bheirt agus
don léitheoir freisin. Is dán dea-scríofa é
seo le stíl shimplí a thaitníonn leis an
léitheoir.

Foclóir:

Fadhbanna = problems

Traidisiúnta = traditional

Nua-aimseartha = modern

Shantaigh = desired

Thar lear = abroad

Meas = respect

Réitigh le = to get on with

Mothúcháin = emotions

Réalaíoch = realistic

Codarsnacht = contrast

Díomá = disappointment

_____ a réiteach = to solve _____

Tá an mothú ó chroí ann = It's heartfelt

Taobh ar bith = any side

Rithim = rhythm

Éifeachtach = effective

Go tobann = suddenly

Léitheoir = reader

Is dán dea-scríofa é seo = This is a well-

written poem

Le stíl shimplí a thaitníonn leis an

léitheoir =

with a simple style that appeals to the

reader

